**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 125(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

féadfaidh dílseánach trádmhairc de chuid Aontais Eorpaigh a mheasann go ndearnadh dochar dó nó di ag tríú páirtí trí chomhartha atá comhionann leis an marc sin a úsáid, gan toiliú uaidh nó uaithi, i bhfógraí ar líne agus i dtairiscintí ar díol ar líne i leith earraí atá comhionann nó cosúil leo siúd a bhfuil an marc sin cláraithe ina leith, caingean um shárú a thionscnamh i gcoinne an tríú páirtí sin os comhair cúirte um thrádmharcanna de chuid an Aontais Eorpaigh sa Bhallstát ina ndírítear ar thomhaltóirí agus ar thrádálaithe na fógráin nó na tairiscintí díola den sórt sin, d'ainneoin nach ndéanann an tríú páirtí an Ballstát sin a liostú go sainráite agus gan athbhrí ar na críocha a bhféadfaí na hearraí i dtrácht a sholáthar chucu, má tá úsáid bainte ag an tríú páirtí sin as an gcomhartha sin trí bhíthin tagairt íoctha ar shuíomh gréasáin innill chuardaigh a úsáideann ainm fearainn náisiúnta barrleibhéil de chuid an Bhallstáit sin. Os a choinne sin, ní hé sin an cás go simplí toisc gur bhain an tríú páirtí lena mbaineann úsáid as tagairt nádúrtha d'íomhánna dá chuid earraí ar sheirbhís comhroinnte grianghraf ar líne faoi fhearainn cineálach barrleibhéil, tar éis dul i muinín meite-chlibeanna a úsáideann an trádmharc lena mbaineann mar eochairfhocal.

([1]) IO C 171, 25.4.2022.

**Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 27 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Gerechtshof Amstardam – an Ísiltír) – X BV, Inspecteur van de Belastingdienst v Douane district Rotterdam**

**(Cás C-107/22,** ([1]) **X agus Inspecteur van de Belastingdienst Douane)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhtharaif chustaim – Aicmiú earraí – Ainmníocht Chomhcheangailte – Léiriú – Rialacha Ginearálta – Riail 2(a) – Airteagal neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte – Comhpháirteanna a bheartaítear a bheith, tar éis cóimeála, ina nglacadóirí satailíte – Aicmiú mar ghlacadóir iomlán)***

(2023/C 205/18)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Gerechtshof Amsterdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* X BV

*Páirtí eile:* Inspecteur van de Belastingdienst/Douane district Rotterdam

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le Riail Ghinearálta 2(a) de na Rialacha Ginearálta maidir le léiriú na hainmníochta comhcheangailte in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim, arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1549/2006 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2006,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

ní mór a mheas gur ghlacadóir den sórt sin iad comhpháirteanna de ghlacadóir satailíte atá beartaithe, tar éis iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht, a chur le chéile i nglacadóir satailíte iomlán, ar comhpháirteanna iad a iompraítear i gcoimeádán amháin agus a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ar an lá céanna san oifig chustaim chéanna ag an dearbhóir céanna, ina ainm féin agus thar a cheann féin, trí dhá dhearbhú leithleacha lena scaoileadh i saorchúrsaíocht, agus atá, tráth a scaoilte i saorchúrsaíocht, ar úinéireacht ag beirt gnóthais chomhlachaithe, arna thíolacadh neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte, de réir bhrí na rialach sin, agus dá bhrí sin go dtagann siad faoi cheannteideal taraife amháin, a mhéid a shuítear i bhfianaise fachtóirí oibiachtúla gur leis na comhpháirteanna sin le chéile mar aonad agus go n-áirítear na comhpháirteanna uile den ghlacadóir sin.

2. Maidir le Riail Ghinearálta 2(a) de na Rialacha Ginearálta maidir le léiriú na hainmníochta comhcheangailte in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 2658/87, arna leasú ag Rialachán Uimh. 1549/2006,

ní mórléiriú a dhéanamh mar a leanas:

tá feidhm aige freisin i gcás ina ndearbhaítear cuid de na hearraí atá i gceist lena scaoileadh i saorchúrsaíocht agus cuid eile á gcur faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Chomhphobail.

(1) IO C 207, 23.5.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 27 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht – an Ghearmáin) – FI v Bayerische Motoren Werke AG**

**(Cás C-192/22,** (1) **Bayerische Motoren Werke)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 7(1) – Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun saoire bliantúla le pá – An ceart sin imithe i léig – Scéim chun dul ar luathscor de réir a chéile – Laethanta saoire bliantúla a fuarthas faoin scéim sin ach nach bhfuil glactha go fóill – Éagumas chun oibre)***

(2023/C 205/19)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* FI

*Cosantóir:* Bayerische Motoren Werke AG

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 7 de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre arna léamh i bhfianaise Airteagal 31(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi go gcoisceann riail an dlí náisiúnta lena bhforáiltear go rachaidh an ceart chun saoire bhliantúil le pá arna fháil ag oibrí, mar gheall ar a chuid oibre nó a cuid oibre i gcomhthéacs scéime chun dul ar luathscor de réir a chéile, as feidhm ag deireadh an bhliain saoire nó ar dháta níos déanaí, i gcás inar cuireadh cosc ar an oibrí an tsaoire sin a ghlacadh roimh chéim na saortha ón obair mar gheall ar bhreoiteacht, fiú nuair nach asláithreacht fhadtéarmach í.

(1) IO C 222, 7.6.2022.